2026/2315

15.10.2026

# CINNEADH (AE) 2026/2315 ÓN gCOMHAIRLE

## an 12 Deireadh Fómhair 2026

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile, maidir le liosta na n-eadránaithe a ionadú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), i gcomhar le h Airteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shinigh an tAontas an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile ([1]) ('an Comhaontú') de bhun Chinneadh (AE) 2016/1623 ón gComhairle ([2]). Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas, de pháirt, agus an Bhotsuáin, Eswatini, Leosóta, an Namaib agus an Afraic Theas, den pháirt eile, ó bhí an 10 Deireadh Fómhair 2016 ann, agus idir an tAontas agus Mósaimbíc ó bhí an 4 Feabhra 2018 ann.

(2) De bhun Airteagal 94(1) den Chomhaontú, tá an Coiste um Thrádáil agus Forbairt, dá bhforáiltear in Airteagal 103 den Chomhaontú, le liosta a bhunú de 21 dhuine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe ('liosta na n-eadránaithe'). Trí bhíthin Chinneadh Uimh. 1/2019 an 18 Feabhra 2019 ([3]), bhunaigh an Coiste Trádála agus Forbartha liosta na n-eadránaithe.

(3) Chun feidhmiú ceart an sásra um réiteach díospóidí dá bhforáiltear i gCuid III den Chomhaontú a áirithiú agus chun an líon íosta eadránaithe atá ar fáil a chaomhnú, ba cheart don Choiste um Thrádáil agus Forbairt liosta na n-eadránaithea ionadú.

(4) Beidh éifeachtaí dlíthiúla don Aontas ag Cinneadh an Choiste Trádála agus Forbartha, má ghlactar é.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt a bhunú maidir le liosta na n-eadránaithe a ionadú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile, maidir le liosta na n-eadránaithe a ionadú, beidh sé bunaithe ar an dhréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil agus Forbairt atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 250, 16.9.2016, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2016/1623/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 2016/1623 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit SADC EPA, den pháirt eile (IO L 250, 16.9.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1623/oj).

([3]) Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gCoiste Trádála agus Forbartha arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit SADC EPA, den pháirt eile an 18 Feabhra 2019 maidir le liosta eadránaithe a bhunú (IO L 70, 12.3.2019, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/391/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Deireadh Fómhair 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS